Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0239(COD)

20.4.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034 (COM(2025)0558 – C10-0172/2025 – 2025/0239(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéirí: David Casa, Marit Maij

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 47

IARSCRÍBHINN: DEARBHUITHE IONCHUIR 49

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0558 – C10-0172/2025 – 2025/0239(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0558),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 164 agus 175(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C10-0172/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na Seicia, Bundesrat na Gearmáine, Parlaimint na Spáinne, Parlaimint na Portaingéile agus Seanad na Rómáine faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ...[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún ...[2],

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa ***mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht*** ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta ***a chur chun feidhme*** le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034	lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa ***lena mbunaítear*** na ***coinníollacha*** maidir le ***cur chun feidhme na tacaíochta*** ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) An 17 Samhain 2017, rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a fhógairt i gcomhpháirt le chéile, mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta atá san Eoraip. Tá 20 bunphrionsabal ag an gColún agus tá siad roinnte ina dtrí	(1) An 17 Samhain 2017, rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a fhógairt i gcomhpháirt le chéile, mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta atá san Eoraip. Tá 20 bunphrionsabal ag an gColún agus tá siad roinnte ina dtrí

chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; ***coinníollacha*** córa oibre; cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart ***fiche*** prionsabal Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bheith ina dtreoir le haghaidh na ngníomhaíochtaí faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta ***chun cinn*** maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (an 'Plean Gníomhaíochta'), lena n-áirítear príomhspriocanna de chuid an Aontais do 2030, ar spriocanna iad atá uaillmhianach ach réadúil, maidir le fostaíocht (gur cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith i mbun fostaíochta), scileanna (gur cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus laghdú na bochtaineachta (gur cheart ar a laghad 15 mhilliún níos lú daoine a bheith i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh) ('príomhspriocanna an Aontais do 2030') agus fospriocanna comhlántacha, chomh maith le Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe. ***D'fhonn*** rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ***le CSE*** ba cheart tacú le hinfheistíochtaí i ndaoine agus ***leasuithe*** ar na córais i ***réimse*** beartais na fostaíochta, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta, agus ar an ***gcaoi sin tacú*** le comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh.

chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; ***dálaí*** córa oibre; cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart ***20*** prionsabal Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bheith ina dtreoir le haghaidh na ngníomhaíochtaí faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta ***ar aghaidh*** maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (an 'Plean Gníomhaíochta'), lena n-áirítear príomhspriocanna de chuid an Aontais do 2030, ar spriocanna iad atá uaillmhianach ach réadúil, maidir le fostaíocht (gur cheart 78 % ar a laghad den daonra ***atá*** idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith i mbun fostaíochta), scileanna (gur cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus laghdú na bochtaineachta (gur cheart ar a laghad 15 mhilliún níos lú daoine a bheith i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh) ('príomhspriocanna an Aontais do 2030') agus fospriocanna comhlántacha, chomh maith le Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe. ***Chun*** rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ba cheart ***do CSE*** tacú le hinfheistíochtaí i ndaoine agus ***le hathchóirithe*** ar na córais i ***réimsí*** beartais na fostaíochta, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta, ***chun comhdheiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma*** agus ***ardcháilíochta, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, agus béim ar leith á leagan*** ar an ***oideachas agus oiliúint ardcháilíochta agus chuimsitheach, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar infheistíocht i leanaí agus i ndaoine óga agus ar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, lena dtacaítear, dá bhrí sin,*** le comhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is príomhionstraim iad na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal 148(2) den Chonradh, arna nglacadh go bliantúil ag an gComhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an Aontais agus beartais fostaíochta agus shóisialta náisiúnta a chomhordú. Cuireann siad tosaíochtaí agus spriocanna coiteanna ar fáil maidir le beartais fostaíochta, oideachais, scileanna agus shóisialta d'fhonn iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus áit níos fearr a dhéanamh de chun infheistíocht a dhéanamh, fostaíocht a chruthú agus comhtháthú sóisialta a chothú. Is é CSE príomhionstraim an Aontais chun tacú leis na treoirlínte do bheartas fostaíochta agus chun cuspóirí an Aontais i mbeartais fostaíochta agus shóisialta a bhaint amach. Comhlánaíonn na treoirlínte fostaíochta prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart ***raon feidhme CSE le haghaidh 2028 go 2034 a ailíniú go hiomlán le Cinneadh*** (AE)... ón ***gComhairle*** [1] [Treoirlínte fostaíochta arna nglacadh ag an gComhairle faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí].	(2) Is príomhionstraim iad na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal 148(2) den Chonradh, arna nglacadh go bliantúil ag an gComhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an Aontais agus beartais fostaíochta agus shóisialta náisiúnta a chomhordú. Cuireann siad tosaíochtaí agus spriocanna coiteanna ar fáil maidir le beartais fostaíochta, oideachais, scileanna agus shóisialta d'fhonn iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus áit níos fearr a dhéanamh de chun infheistíocht a dhéanamh, fostaíocht a chruthú agus comhtháthú sóisialta a chothú. Is é CSE príomhionstraim an Aontais chun tacú leis na treoirlínte do bheartas fostaíochta agus chun cuspóirí an Aontais i mbeartais fostaíochta agus shóisialta a bhaint amach. Comhlánaíonn na treoirlínte ***do bheartas*** fostaíochta prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart ***ábhar Chinneadh*** (AE) ... ón ***gComhairle***[1] [Treoirlínte ***do bheartas*** fostaíochta arna nglacadh ag an gComhairle faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí] ***a áireamh i raon feidhme CSE le haghaidh 2028 go 2034***.
[1] Cuir isteach an tagairt foilseacháin	[1] Cuir isteach an tagairt foilseacháin

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí náisiúnta ***athchóirithe*** a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin. Ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a ***chur isteach. Ba cheart an creat sin a bheith ina bhonn chun cistiú ón Aontas a úsáid ar bhealach comhleanúnach, lena n-áirítear d'fhonn breisluach na tacaíochta airgeadais a bheidh le fáil a uasmhéadú.***	(3) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí náisiúnta ***athchóiriúcháin*** a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin. Ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a ***thíolacadh***.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá dúshláin struchtúracha ***os comhair an Aontais, ar dúshláin iad*** a eascraíonn as ***na nithe seo a leanas: domhandú eacnamaíoch***, slabhraí soláthair ***leochaileacha***, bainistiú sreafaí imirce agus an bhagairt ***slándála níos mó***, an t-aistriú chuig fuinneamh glan, an t-athrú teicneolaíoch agus an t-athrú déimeagrafach, lucht saothair atá ag dul in aois, easpa tithíochta sóisialta, agus ganntanais scileanna agus saothair atá ag ***méadú*** in go leor earnálacha agus réigiún.	(4) Tá dúshláin struchtúracha a eascraíonn as ***an domhandú eacnamaíoch os comhair an Aontais***, ***amhail leochaileacht na*** slabhraí soláthair, bainistiú sreafaí imirce agus an bhagairt ***mhéadaithe ar an tslándáil***, an t-aistriú chuig fuinneamh glan ***agus an t-aistriú digiteach***, an t-athrú teicneolaíoch agus an t-athrú déimeagrafach, ***an*** lucht saothair atá ag dul in aois, ***an*** easpa tithíochta sóisialta, ***an bhochtaineacht agus an bhochtaineacht leanaí atá ag dul i méid,*** agus ganntanais scileanna agus ***lucht*** saothair atá ag ***dul i méid*** in go leor

earnálacha agus réigiún.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Agus na réaltachtaí athraitheacha i saol na hoibre á gcur san áireamh, ba cheart an tAontas a bheith ullamh do dhúshláin atá ann faoi láthair agus ***do dhúshláin*** a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht a dhéanamh i ***scileanna*** ábhartha, tríd an bhfás a dhéanamh níos cuimsithí agus trí fheabhas a chur ar bheartais fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear i bhfianaise shoghluaisteacht an lucht saothair agus athstruchtúrú earnálach, agus aird a thabhairt ar cheantair uirbeacha agus thuaithe a bhfuil ***orthu dul i ngleic le*** laigí sóisialta ar leith.	(5) Agus na réaltachtaí athraitheacha i saol na hoibre á gcur san áireamh, ba cheart an tAontas a bheith ullamh do dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht a dhéanamh ***in aistriú cóir, lena n-áirítear trí nuálaíocht a chothú agus infheistíocht a dhéanamh*** i scileanna ábhartha ***amhail atá tugtha chun suntais ag Aontas na Scileanna***, tríd an bhfás a dhéanamh níos cuimsithí agus trí fheabhas a chur ar bheartais fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear i bhfianaise shoghluaisteacht an lucht saothair agus athstruchtúrú earnálach, agus ***trí*** aird a thabhairt ar cheantair uirbeacha agus thuaithe a bhfuil laigí sóisialta ar leith ***os a gcomhair***.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Idir seo agus 2040, beidh thart ar 1 mhilliún duine níos lú i margadh saothair an Aontais gach bliain. Thairis sin, chomh maith le lucht saothair atá ag laghdú, tá ***sciar beag marbhánta den daonra ag a bhfuil oideachas treasach i roinnt réigiún***, rud a fhágann ***gur*** deacair ***caillteanas***	(6) Idir seo agus 2040, beidh thart ar 1 mhilliún duine níos lú i margadh saothair an Aontais gach bliain. Thairis sin, chomh maith le lucht saothair atá ag laghdú, tá ***roinnt réigiún ann ina bhfuil sciar íseal marbhánta de chéimithe ardoideachais iontu***, rud a fhágann ***go bhfuil sé*** deacair

oibrithe a chúiteamh ***le táirgiúlacht oibre níos fearr***. ***Beidh brú breise*** ar shamhail leasa shóisialta an Aontais ***dá bharr, rud a chuirfidh*** inbhuanaitheacht agus ***leordhóthanacht*** na samhla faoi bhrú. ***Cuirfear le*** ganntanais saothair agus scileanna i margadh an tsaothair freisin, ***rud a fhágfaidh go mbeidh*** an fás eacnamaíoch agus an t-iomaíochas faoi bhrú. I gcás earnálacha áirithe, beidh brúnna costais saothair ann dá ***bharr***. ***Is é sin*** an ***fáth nach*** mór***, le*** CSE***,*** tacú le méadú ar rannpháirtíocht ***i margadh an tsaothair***, go háirithe ***i gcás ban*** agus daoine óga, daoine faoi mhíchumas ***agus*** pobail Romacha***,*** agus tacú le fostóirí na daoine cearta a aimsiú do na poist atá ar fáil, oibrithe scothaosta a chumhachtú le bearta iomchuí maidir leis an margadh saothair agus an ionad oibre, a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ann a bheidh in ann dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha, agus tacú le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a áirithiú.

caillteanais saothair a chúiteamh ***trí tháirgiúlacht saothair a mhéadú***. ***Méadóidh sé sin an brú*** ar shamhail leasa shóisialta an Aontais ***agus cuirfidh sé*** inbhuanaitheacht agus ***leormhaitheas*** na samhla ***sin*** faoi bhrú. ***Déanfar leis*** ganntanais saothair agus scileanna i margadh an tsaothair ***a mhéadú*** freisin, ***lena gcuirfear*** an fás eacnamaíoch agus an t-iomaíochas faoi bhrú. I gcás earnálacha áirithe, beidh brúnna costais saothair ann dá ***dheasca***. ***Ar*** an ***gcúis sin, ní*** mór ***do*** CSE tacú le méadú ar rannpháirtíocht ***sa mhargadh saothair***, go háirithe ***rannpháirtíocht na mban*** agus daoine óga, daoine faoi mhíchumas***, náisiúnaigh tríú tír, na*** pobail Romacha agus tacú le fostóirí na daoine cearta a aimsiú do na poist atá ar fáil, oibrithe scothaosta a chumhachtú le bearta iomchuí maidir leis an margadh saothair agus an ionad oibre, a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ann a bheidh in ann dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha, agus tacú le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a áirithiú.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) An 29 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún an Compás Iomaíochais i láthair. Leis an gCompás, leagtar amach conair chun gurb í an Eoraip an áit a ndéanfar teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí glana na todhchaí a cheapadh, a mhonarú agus a chur ar an margadh, agus ***chun gurb í*** an ***chéad*** mhór-roinn a ***bheidh aeráidneodrach freisin***. Aithnítear ann cúig chumasóir chothrománacha le	(7) An 29 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún an Compás Iomaíochais i láthair. Leis an gCompás, leagtar amach conair chun gurb í an Eoraip an áit a ndéanfar teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí glana na todhchaí a cheapadh, a mhonarú agus a chur ar an margadh, agus ***í ar*** an ***gcéad*** mhór-roinn a ***n-éireoidh léi aeráidneodracht a bhaint amach***. Aithnítear ann cúig chumasóir

haghaidh iomaíochais, lena n-áirítear scileanna agus fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, agus ***cuirtear i dtábhacht ann*** gurb ***í*** muintir na hEorpa is bonn le hiomaíochas na hEorpa. Chun ***a*** bheith iomaíoch agus ullamh don todhchaí, ní mór don Aontas tacú lena mhuintir agus ***í*** a ullmhú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim, san obair agus sa saol.

chothrománacha le haghaidh iomaíochais, lena n-áirítear scileanna agus fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, agus ***tugtar chun suntais*** gurb ***iad*** muintir na hEorpa is bonn le hiomaíochas na hEorpa. Chun bheith iomaíoch agus ullamh don todhchaí, ní mór don Aontas tacú lena mhuintir agus ***iad*** a ullmhú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim, san obair agus sa saol. ***Chun leanúint de bheith iomaíoch, ba cheart don Aontas a áirithiú go mbeidh dálaí maithe oibre agus deiseanna maithe ag oibrithe chun fás agus dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ina theannta sin, an 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’. ***Tá sé sár-riachtanach*** aitheantas a thabhairt do ról criticiúil na scileanna chun aistriú rathúil chuig todhchaí thionsclaíoch níos glaine agus níos iomaíche a éascú laistigh den Aontas. ***Beidh sé fíor-riachtanach*** lucht saothair ardoilte a fhorbairt chun an nuálaíocht a spreagadh agus an dícharbónú agus an chiorclaíocht a chur chun cinn ar fud ***tionscail sár-riachtanacha***. ***Beidh ríthábhacht leis*** an ***bhfócas*** sin ar fheabhsú scileanna chun cuspóirí an Aontais ***a bhaint amach*** maidir le haistriú cóir agus chun iomaíochas domhanda an Aontais a chothú agus a fheabhsú. Thairis sin, tá rochtain ar acmhainní comhshaoil agus na	(8) Ina theannta sin, an 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’. ***Is den ríthábhacht é*** aitheantas a thabhairt do ról criticiúil na scileanna chun aistriú rathúil chuig todhchaí thionsclaíoch níos glaine agus níos iomaíche a éascú laistigh den Aontas. ***Is den bhunriachtanas é*** lucht saothair ardoilte a fhorbairt chun an nuálaíocht a spreagadh agus an dícharbónú agus an chiorclaíocht a chur chun cinn ar fud ***na dtionscal ríthábhachtach***. ***Tá*** an ***díriú*** sin ar fheabhsú scileanna ***ríthábhachtach*** chun cuspóirí an Aontais maidir le haistriú cóir ***a bhaint amach*** agus chun iomaíochas domhanda an Aontais a chothú agus a fheabhsú. Thairis sin, tá rochtain ar acmhainní comhshaoil agus na tairbhí a

tairbhí a bhaineann leo dáilte go míchothrom ar fud na sochaí, ***agus*** is amhlaidh ***an cás*** i gcás guaiseacha comhshaoil agus rioscaí sláinte ***freisin***. ***Is mó seans go dtitfidh siad go díréireach ar ghrúpaí*** leochaileacha.	bhaineann leo dáilte go míchothrom ar fud na sochaí, ***mar*** is amhlaidh i gcás guaiseacha comhshaoil agus rioscaí sláinte. ***Tá sé níos dóchúla gurb iad na grúpaí atá i staideanna*** leochaileacha ***a bheidh thíos leis an dáileadh díréireach sin***.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] bunaítear na rialacha ginearálta maidir leis an bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('Plean CNR') agus leagtar síos ann, go háirithe, na cuspóirí a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus na rialacha a bhaineann leis na Pleananna sin a ullmhú, a chur chun feidhme, a bhainistiú agus a rialú. Tá CSE ar cheann de na cistí a dhéantar a réamh-leithdháileadh ar bhonn náisiúnta agus a ghrúpáiltear faoin bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir le Rialachán (AE) [...] [an Rialachán maidir le Pleananna CNR]. Is gá, dá bhrí sin, raon feidhme thacaíocht CSE a shoiléiriú i ndáil leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán maidir le Pleananna CNR agus forálacha sonracha a leagan síos maidir le CSE a chur chun feidhme.	***scriosta***
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí ***a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear*** CSE***,*** ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha is ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus ***an tsochaí shibhialta***.	(11) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí a ***dtacaíonn*** CSE ***leo*** ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha is ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus ***eagraíochtaí na sochaí sibhialta***.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun sochaithe na hEorpa agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú, ***ba cheart do na Ballstáit íosmhéid acmhainní a leithdháileadh ar CSE faoina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR]. Mar gheall ar chineál éagsúil agus déine na ndúshlán socheacnamaíoch éagsúil sna Ballstáit, tá gá le cur chuige níos solúbtha maidir le clársceidealú. Cé go bhfuil*** gá le híosleibhéal tacaíochta do bheartais shóisialta chun gníomhaíocht atá i gcomhréir leis na dúshláin sin a áirithiú, ***ní mór an*** tacaíocht ***a bheith ag freagairt*** go dlúth do na saintréithe náisiúnta agus réigiúnacha ***freisin. Ní mór foinsí foluiteacha éagothromaíochtaí nó na***	(12) Chun sochaithe na hEorpa agus samhail shóisialta na hEorpa a neartú, ***rinneadh imchlúdach airgeadais tiomnaithe do CSE*** a leithdháileadh ar ***na Ballstáit chun clár neamhspleách ar leithligh a áirithiú chun cóineasú sóisialta aníos, fostaíocht ardcháilíochta*** agus ***comhdheiseanna a chur chun cinn***, ***faoi threoir phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***. ***Tá*** gá le híosleibhéal tacaíochta do bheartais shóisialta ***ar a laghad a bheith ann*** chun gníomhaíocht atá i gcomhréir leis na dúshláin sin a áirithiú, ***ar*** tacaíocht ***í nach mór di comhfhreagairt*** go dlúth do na saintréithe náisiúnta agus réigiúnacha agus cuspóirí sonracha ***CSE á gcur i gcuntas***.

fadhbanna sóisialta a bheith mar bhonn eolais don tábhacht choibhneasta a thugtar d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe laistigh de réimse na dTreoirlínte do Bheartas Fostaíochta agus réimse CSE. Tugann sé sin le tuiscint gur cheart coimircí beartais trí bhíthin díriú téamach a bheith mar thoradh ar idirphlé idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Le híosmhéid CSE, ní mór cothromaíocht a aimsiú freisin idir an leas straitéiseach atá ag an Aontas maidir le hinfheistíocht a dhéanamh ina phobal, agus ar an gcaoi sin i gcáilíocht an tsoláthair saothair agus sa dul chun cinn sóisialta, agus riachtanais infheistíochta freisin a chumhdaítear le cuspóirí sonracha eile a liostaítear in Airteagal 3 den [Rialachán maidir le Pleananna CNR].

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ***Le CSE, ba cheart*** tacú le fostaíocht, le rochtain chomhionann ***do chách*** ar an margadh saothair, le dálaí oibre ***cothroma*** agus ar ardchaighdeán ***agus*** le soghluaisteacht lucht saothair. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha trí ***bhíthin cúnamh*** éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus ***saincheapthaa bheidh*** bunaithe ar thacaíocht ***le haghaidh*** cuardaigh poist, ***ar*** oiliúint, ***ar*** uas-sciliú agus athsciliú agus ***ar*** rochtain ar sheirbhísí ***cumasaithe*** eile, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine i gcásanna leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach	(13) ***Ba cheart do CSE*** tacú le fostaíocht, le rochtain chomhionann ar an margadh saothair ***do chách***, le dálaí oibre ***atá cothrom*** agus ar ardchaighdeán***,*** le soghluaisteacht ***an*** lucht saothair ***agus le cuimsiú sóisialta***. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha trí ***chúnamh*** éifeachtach, tráthúil, comhordaithe agus ***saincheaptha atá*** bunaithe ar thacaíocht ***maidir le*** cuardaigh poist, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí ***cumasúcháin*** eile, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine ***atá*** i gcásanna leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach

nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh, agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. Ba cheart CSE leanúint de ***bheith ag díriú*** ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, ***rud a thacódh*** freisin le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta don aos óg. Ina theannta sin, ba cheart ***infheistíocht a bheith á déanamh le CSE i gcónaí*** i scileanna atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh, agus orthu siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. ***Mar ghné lárnach dá chur chun feidhme, níor cheart do Chiste Sóisialta na hEorpa gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn de chearta oibrithe ná a chuireann cineálacha éiginnteachta chun cinn a mhaoiniú, agus urraim á tabhairt do caighdeáin shóisialta bhunúsacha.*** Ba cheart CSE leanúint de ***dhíriú*** ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc, agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, ***ar cheart di*** freisin ***tacú*** le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta don aos óg. Ina theannta sin, ba cheart ***do CSE leanúint d'infheistíocht a dhéanamh*** i scileanna atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le CSE, ba cheart an rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear nuachóiriú, digitiú agus athléimneacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh araon a neartú. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus chun comhdheiseanna a áirithiú do chách, agus go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, ***chun*** rochtain chomhionann ar sheirbhísí ***a***	(15) ***Chun aghaidh a thabhairt ar an ardleibhéal leanúnach bochtaineachta leanaí san Aontas, agus i gcomhréir le Prionsabal 11 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina luaitear go bhfuil sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ar an mbochtaineacht agus go bhfuil sé de cheart ag leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste go gcuirfí bearta sonracha ar fáil dóibh chun comhionannas deiseanna a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit an Ráthaíocht do Leanaí a chur***

áirithiú. ***Chun comhdheiseanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú, ní mór*** seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta amhail oideachas agus cúram na luath-óige, cúram lasmuigh den scoil, ***seirbhísí oideachais*** agus ***oiliúna***, agus cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe seirbhísí cúraim teaghlaigh agus pobalbhunaithe**,** a bheith ar fáil. Le CSE, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar sheirbhísí ***fíor-riachtanacha*** ar ardchaighdeán. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear inrochtaineacht, agus maireachtáil neamhspleách, a chur san áireamh i ndáil leis na seirbhísí sin. Le CSE, ba cheart rannchuidiú le nuachóiriú córas cosanta sóisialta d'fhonn iad a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe.

chun feidhme. Tá buiséad tiomnaithe ag an Ráthaíocht do Leanaí. Le CSE, ba cheart an rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear nuachóiriú, digitiú agus athléimneacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh araon a neartú. Le CSE, ba cheart tacú leis na Ballstáit bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus chun comhdheiseanna a áirithiú do chách, agus go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, ***lena n-áirithítear*** rochtain chomhionann ar sheirbhísí. ***Coinníoll riachtanach is ea*** seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta amhail oideachas agus cúram na luath-óige, cúram lasmuigh den scoil, ***oideachas*** agus ***oiliúint***, agus cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, go háirithe seirbhísí cúraim teaghlaigh agus pobalbhunaithe a bheith ar fáil ***chun comhdheiseanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú***. Le CSE, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar sheirbhísí ***bunriachtanacha atá*** ar ardchaighdeán. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear inrochtaineacht, agus maireachtáil neamhspleách, a chur san áireamh i ndáil leis na seirbhísí sin. Le CSE, ba cheart rannchuidiú le nuachóiriú córas cosanta sóisialta d'fhonn iad a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) D'fhonn beartais a dhéanamh níos freagrúla d'athruithe sa tsochaí agus

chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do réitigh nuálacha, tá tacaíocht don nuálaíocht shóisialta ríthábhachtach. Go háirithe, is den ríthábhacht é réitigh nuálacha a thástáil agus a mheas sula gcuirtear i bhfeidhm ar scála níos mó iad chun éifeachtúlacht na mbeartas a fheabhsú. Tá ról lárnach ag fiontair an gheilleagair shóisialta maidir le nuálaíocht shóisialta agus cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16b) Ba cheart tacaíocht trí CSE a úsáid chun ardleibhéil cuimsithe shóisialta-eacnamaíoch a bhaint amach i sochaithe, go háirithe trí thacú le cuimsiú sóisialta grúpaí atá i staideanna leochaileacha.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ***Ceanglaítear le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] go n-urramóidh*** na Ballstáit prionsabail chothrománacha ***maidir leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí*** a ***ullmhú*** agus ***a chur*** chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na	(18) ***Urramóidh*** na Ballstáit prionsabail chothrománacha agus a ***gcláir á n-ullmhú*** agus ***á gcur*** chun feidhme ***acu***. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin chun CSE a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun prionsabail chothrománacha a chur chun

Ballstáit a spreagadh freisin chun CSE a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun prionsabail chothrománacha a chur chun cinn amhail comhionannas inscne a chur chun cinn agus inrochtaineacht ***seirbhísí*** do dhaoine faoi mhíchumas ***a áirithiú*** agus daoine faoi mhíchumas a chumasú chun ***a*** bheith rannpháirteach go gníomhach.	cinn amhail comhionannas inscne a chur chun cinn agus ***lena n-áirithítear*** inrochtaineacht ***ar sheirbhísí*** do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas a chumasú chun bheith rannpháirteach go gníomhach. ***Ba cheart do chur chun feidhme CSE prionsabail agus luachanna Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus an Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú. Ba cheart do na Ballstáit na hoibleagáidí a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a urramú freisin.***
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Áirítear leis an gcoinníollacht shóisialta Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, na hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha de chuid EIS agus an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éigeantais, an Coinbhinsiún maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban a dhíothú (CEDAW) agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) ***Braitheann*** cur chun feidhme ***éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó*** CSE ***ar dhea-rialachas agus*** ar chomhpháirtíocht ***idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéil chríochacha is ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíocha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta.*** Dá bhrí sin, ***tá sé fíor-riachtanach*** go ***spreagfadh*** na Ballstáit rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ***agus*** na ***sochaí shibhialta*** i gcur chun feidhme CSE. Ba cheart do na Ballstáit a fuair moladh tírshonrach sa réimse sin acmhainní CSE a leithdháileadh chun fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn.***/***	(23) ***Tá*** cur chun feidhme CSE ***bunaithe*** ar chomhpháirtíocht ***éifeachtach struchtúrtha idir údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta*** agus ***údaráis áitiúla agus réigiúnacha. Is den bhunriachtanas é,*** dá bhrí sin, go ***ndéanfaidh*** na Ballstáit rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta***, na sochaí sibhialta*** agus na ***n-údarás áitiúil agus réigiúnach a éascú*** i gcur chun feidhme CSE+ ***agus san fhorbairt ar thionscadail***. Ba cheart do na Ballstáit a fuair moladh tírshonrach sa réimse sin acmhainní CSE a leithdháileadh chun fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ***Leagtar síos*** leis an Rialachán seo ***coinníollacha sonracha maidir le cur chun feidhme Chiste*** Sóisialta na hEorpa ***le haghaidh chlárthréimhse 2028-2034 mar chuid den tacaíocht ón Aontas i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Pleananna CNR], agus go háirithe***	(1) Leis an Rialachán seo***, bunaítear Ciste*** Sóisialta na hEorpa (***'CSE'***).

pointí (b) agus (e) de.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [Pleananna CNR]***.	(2) ***Leagtar síos leis*** an ***Rialachán seo cuspóirí CSE, a bhuiséad don tréimhse 2028 go 2035, na modhanna cur chun feidhme***, ***cineálacha chistiú an Aontais agus*** na rialacha a ***bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar***.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 1a
	Sainmhínithe
	1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
	(1) ciallaíonn 'foghlaim ar feadh an tsaoil' foghlaim ina foirmeacha uile, eadhon, foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a tharlaíonn ag gach céim den saol agus as a dtagann feabhas nó nuashonrú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearcthaí nó rannpháirtíocht sa tsochaí ó thaobh pearsanta, sibhialta, cultúrtha, sóisialta nó fostaíochta de, lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin agus treorach a chur ar fáil, lena n-airítear oideachas

agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, agus oideachas aosach, obair óige agus dálaí foghlama eile a tharlaíonn lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil agus a dhéanann go hiondúil, comhar trasearnála agus conair foghlama solúbtha a chur chun cinn;

(2) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' duine nach saoránach den Aontas é nó í, lena n-áirítear daoine gan stát agus daoine nach bhfuil a náisiúntacht chinntithe acu;

(3) ciallaíonn 'cúnamh ábhartha bunúsach' earraí a riarann ar riachtanais bhunúsacha duine ionas go bhféadfaidh an duine sin a bheatha nó a beatha a chaitheamh go díniteach, amhail éadach, earraí sláinteachais, lena n-áirítear táirgí sláinteachais do mhná, agus ábhar scoile;

(4) ciallaíonn 'grúpa faoi mhíbhuntáiste' grúpa daoine i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear daoine atá buailte ag an mbochtaineacht nó i mbaol na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta nó an idirdhealaithe ina ghnéithe uile;

(5) ciallaíonn 'príomhinniúlachtaí' an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá ag gach duine leo, ag aon chéim den saol, dá sásamh pearsanta agus dá bhforbairt phearsanta, dá bhfostaíocht, dá gcuimsiú sóisialta agus dá saoránacht ghníomhach, eadhon, litearthacht; ilteangachas; matamaitic, eolaíocht, teicneolaíocht, na healaíona agus innealtóireacht; scileanna digiteacha; scileanna sna meáin; gnóthaí pearsanta, gnóthaí sóisialta agus foghlaim chun scileanna a fhoghlaim; scileanna gníomhacha saoránachta; an fhiontraíocht; feasacht agus léiriú cultúrtha agus idirchultúrtha; agus smaointeoireacht chriticiúil;

(6) ciallaíonn 'na daoine is díothaí' daoine nádúrtha, cibé acu daoine aonair, teaghlaigh nó grúpaí de na daoine sin iad, lena n-áirítear leanaí i gcásanna

leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla náisiúnta síos i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, agus a bhféadfaidh eilimintí a bheith ar áireamh iontu lena gceadófar díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith;

(7) ciallaíonn 'coinníollacht shóisialta' lánurraim a thabhairt do chearta agus sainchumais oibrithe mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais, sa dlí náisiúnta agus i ndlí ábhartha eile agus i gcomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme mar coinníollacht i gcás cistiú poiblí a fháil;

(8) ciallaíonn 'nuálaíocht shóisialta' gníomhaíocht, atá sóisialta ó thaobh a cuspóra agus a acmhainní de araon agus go háirithe gníomhaíocht a bhaineann le forbairt agus le cur chun feidhme smaointe nua maidir le táirgí, seirbhísí, cleachtais agus samhlacha a riarann ar riachtanais shóisialta agus, san am céanna, a chruthaíonn saghsanna nua caidrimh nó comhair shóisialta idir eagraíochtaí poiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó eagraíochtaí príobháideacha agus, dá bharr sin, a dhéanann leas na sochaí agus a threisíonn freisin cumas na sochaí chun gníomhú.

(9) ciallaíonn 'beart tionlacain' gníomhaíocht a dhéantar sa bhreis ar dháileadh bia agus/nó cúnaimh ábhartha bhunúsaigh agus é mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta agus rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú, amhail tarchuir chuig nó seirbhísí sóisialta agus sláinte a sholáthar, tacaíocht shíceolaíoch san áireamh, agus daoine a chur ar aghaidh chucu, faisnéis ábhartha a sholáthar faoi sheirbhísí poiblí nó comhairle faoi bhuiséad teaghlaigh a bhainistiú;

(10) ciallaíonn 'tástáil shóisialta'

idirghabháil bheartais arb é is aidhm di freagairt nuálach a thabhairt ar riachtanais shóisialta agus a chuirtear chun feidhme ar scála beag agus i ndálaí a fhágann gur féidir a tionchar a thomhas sula gcuirtear chun feidhme i gcomhthéacsanna eile í, lena n-áirítear comhthéacsanna geografacha nó earnálacha, nó a chuirtear chun feidhme ar scála níos mó, má bhíonn na torthaí dearfach;

(11) ciallaíonn 'comhpháirtíocht trasteorann' struchtúr comhair idir seirbhísí poiblí fostaíochta, na comhpháirtithe sóisialta nó an tsochaí shibhialta atá lonnaithe in dhá Bhallstát ar a laghad;

(12) ciallaíonn 'micrifhiontar' fiontar ag a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí agus láimhdeachas bliantúil nó clár comhardaithe bliantúil ar lú ná é EUR 2 000 000;

(13) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' gnóthas, gan beann ar a fhoirm dhlí, lena n-áirítear fiontair an gheilleagair shóisialta nó duine nádúrtha:

(a) arb é is príomhaidhm shóisialta dó, i gcomhréir lena airteagail chomhlachais, lena reachtanna nó le haon doiciméad dlíthiúil eile a bhféadfadh dliteanas teacht as faoi dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil fiontar sóisialta lonnaithe, tionchair shóisialta dhearfacha intomhaiste a bhaint amach, a bhféadfadh tionchair ar an gcomhshaol a bheith san áireamh leo, seachas brabús a ghiniúint chun críoch eile, agus a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí a ghineann sochar sóisialta nó a úsáideann modhanna táirgthe earraí nó seirbhísí a chuimsíonn cuspóirí sóisialta;

(b) a úsáideann a chuid brabús go príomha chun a phríomhaidhm shóisialta a bhaint amach agus ag a bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamhshainithe a áiríonn nach ndéanann dáileadh na mbrabús sin an bonn a bhaint den

phríomhaidhm shóisialta;

(c) a bhainistítear ar dhóigh fhiontraíoch, rannpháirteach, chuntasach agus thrédhearcach, go háirithe trí rannpháirtíocht oibrithe, custaiméirí agus geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag a chuid gníomhaíochtaí gnó orthu;

(15) ciallaíonn 'costais a bhaineann le bia a cheannach agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach' na costais iarbhír don tairbhí a bhaineann le bia a cheannach agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach agus nach bhfuil teoranta do phraghas an bhia agus/ná don chúnamh ábhartha bunúsach;

(16) áirítear le 'micreamhaoiniú' ráthaíochtaí, micrichreidmheas, cothromas agus cuasachothromas, in éineacht le seirbhísí forbartha gnó tionlacain, amhail na seirbhísí sin arna soláthar i bhfoirm comhairleoireacht, oiliúint agus meantóireacht aonair do dhaoine agus do mhicrifhiontair ar doiligh dóibh creidmheas a rochtain chun críche gníomhaíochtaí gairmiúla agus gníomhaíochtaí ginte ioncaim;

(17) ciallaíonn 'oibríocht mheasctha' gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha nó ardán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (an Rialachán Airgeadais), lena gcomhcheanglaítear cineálacha neamh-in-aisíoctha tacaíochta nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais le cineálacha in-aisíoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

(18) ciallaíonn 'eintiteas dlítheanach' duine nádúrtha, nó duine dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear amhlaidh faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta, nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil

pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil sé de chumas aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear in Airteagal 197(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais;

(19) ciallaíonn 'moltaí tírshonracha ábhartha' moltaí ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 121(2) agus 148(4) CFAE a bhaineann le dúshláin struchtúracha, chomh maith le moltaí comhlántacha ón gCoimisiún arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b], arb iomchuí aghaidh a thabhairt orthu trí infheistíochtaí ilbhliantúla a dhéanamh, ar infheistíochtaí iad a thagann faoi raon feidhme na gCistí de réir mar a leagtar amach i Rialacháin Chiste-shonracha;

2. I gcás inarb ábhartha, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 4 de [an Rialachán maidir le Pleananna CNR].

[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[1a] (an Rialacháin Airgeadais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[1b] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir

2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 1b
	Cuspóirí ginearálta CSE
	1. Tá sé d'aidhm ag CSE tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ardleibhéil fostaíochta, cosaint shóisialta chothrom agus lucht saothair oilte athléimneach a bhaint amach a bheidh ullamh don saol oibre sa todhchaí, chomh maith le sochaithe cuimsitheacha, comhtháite arb é is aidhm dóibh an bhochtaineacht a díothú agus na prionsabail a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus príomhspriocanna Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a ghnóthú.
	2. Le CSE, tacófar le beartais na mBallstát, comhlánófar na beartais sin agus cuirfear breisluach leo chun a áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma, cosaint shóisialta agus cuimsiú ann. Go háirithe, déanfar leis cruthú post ardcháilíochta a chur chun cinn, chomh maith le díriú ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar infheistíocht i leanaí agus i ndaoine óga

agus ar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha.

3. Is é is aidhm do CSE tacú leis na Ballstáit chun ardchuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach, go háirithe do ghrúpaí agus do dhaoine atá i staideanna leochaileacha.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht ó CSE	***Cuspóirí sonracha*** CSE

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tacóidh ***Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)*** leis na cuspóirí sonracha ***a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Pleananna CNR].***	(1) Tacóidh CSE leis na cuspóirí sonracha ***seo*** a ***leanas i réimsí beartais na fostaíochta agus shoghluaisteacht an lucht saothair, an oideachais,*** an ***chuimsithe shóisialta, lena n-áirítear rannchuidiú*** le ***díothú na bochtaineachta:***
	(a) rochtain ar bhearta fostaíochta agus gníomhachtaithe do gach cuardaitheoir poist a fheabhsú, go háirithe do dhaoine óga, go háirithe tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, do dhaoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galair ainsealacha orthu, agus do dhaoine neamhghníomhacha, agus tríd an

bhféinfhostaíocht agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn;

(b) institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus a réamh-mheas agus chun cúnamh agus tacaíocht thráthúil shaincheaptha don chomhoiriúnú sa mhargadh saothair, d'aistrithe agus do shoghluaisteacht a áirithiú;

(c) rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de, dálaí oibre comhionanna agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ar chúram do dhaoine spleácha;

(d) oiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraithe, aosú gníomhach folláin agus timpeallacht oibre shláintiúil dhea-oiriúnaithe a chur chun cinn ina dtugtar aghaidh ar rioscaí sláinte;

(e) cáilíocht, cuimsitheacht, éifeachtacht agus ábharthacht an mhargaidh saothair ó thaobh córais oideachais agus oiliúna de a fheabhsú, lena n-áirítear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, chun sealbhú príomhinniúlachtaí a éascú, scileanna fiontraíochta agus digiteacha san áireamh, agus trí thabhairt isteach córas dé-oiliúna agus printíseachtaí a chur chun cinn;

(f) rochtain chomhionann ar an oideachas agus ar oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach, agus tabhairt chun críche an oideachais agus na hoiliúna sin a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, ó oideachas agus chúram na luath-óige go hoideachas ginearálta agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, go hoideachas tríú leibhéal, chomh maith le hoideachas agus foghlaim aosach, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama do chách agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a éascú;

(g) an fhoghlaim feadh an tsaoil, go háirithe deiseanna uas-scilithe agus athscilithe solúbtha do chách a chur chun cinn agus scileanna fiontraíochta agus digiteacha á gcur i gcuntas, athruithe agus riachtanais nua maidir le scileanna a réamh-mheas ar dhóigh níos cruinne ar bhonn riachtanais an mhargaidh saothair, lena n-éascaítear aistrithe gairme agus lena ndéantar an tsoghluaisteacht ghairmiúil a chur chun cinn;

(h) fostaíocht na mban agus cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch na mban a chur chun cinn;

(i) cuimsiú gníomhach a chothú d'fhonn comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus an infhostaitheacht a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí atá i staideanna leochaileacha;

(j) lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn;

(k) lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, amhail an pobal Romach, a chur chun cinn;

(l) feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne, lena n-áirítear seirbhísí a dhéanann rochtain ar thithíocht agus ar chúram atá duineláraithe lena n-áirítear cúram sláinte a chur chun cinn; córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar leanaí agus ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste; feabhas a chur ar inrochtaineacht lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht córas sláinte agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh;

(m) lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a chur chun cinn, na daoine is

	díothaí agus leanaí san áireamh;
	(n) aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí bhia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí, leanaí san áireamh, agus bearta tionlacain a thacóidh lena lánpháirtiú sóisialta a chur ar fáil;
	(o) an t-aistriú cóir a éascú trí athsciliú agus cruthú post, agus béim á leagan ar obair chuibhiúil;
	(p) aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun críoch mhír 1, beidh an úsáid a bhainfidh na Ballstáit as CSE, chun críocha Airteagal 2, pointe (b) de Rialachán XX [Pleananna CNR], bunaithe ar na treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal 148 (2) den Chonradh, a leagtar amach i gCinneadh (AE) xxxx [Treoirlínte do bheartas fostaíochta arna nglacadh ag an gComhairle faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí].	***scriosta***

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a
	An buiséad
	Is é EUR 124 190 000 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais a bheidh ann chun Ciste Sóisialta na hEorpa a chur chun feidhme.
	Buiséad tiomnaithe EUR 20 000 000 000 a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais chun an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme.
	Is é EUR 1 000 000 000 a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais chun Airteagal 8(1) a chur chun feidhme.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2b
	Díriú téamach
	1. Leithdháilfidh na Ballstáit 30 % ar a laghad dá n-acmhainní ó CSE ar na cuspóirí sonracha maidir le réimse beartais an chuimsithe shóisialta a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (h) go (o), lena n-áirítear lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn.
	2. Leithdháilfidh na Ballstáit 5 % ar a laghad dá n-acmhainní ó CSE ar dhul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus ar chur chun feidhme na Ráthaíochta do Leanaí. Na Ballstáit sin ag a bhfuil an ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta os cionn mheán an Aontais, leithdháilfidh siad 10 % dá n-

acmhainní chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus chun an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme.

3. Leithdháilfidh na Ballstáit 5 % ar a laghad dá n-acmhainní ar bhearta spriocdhírithe chun dul i ngleic leis an easpa dídine.

4. Leithdháilfidh na Ballstáit 15 % ar a laghad dá n-acmhainní ó CSE ar ghníomhaíochtaí spriocdhírithe agus ar athchóirithe struchtúracha chun tacú le fostaíocht don aos óg, le gairmoideachas agus gairmoiliúint, go háirithe printíseachtaí, agus leis an aistriú ón scoil go dtí an obair, le conairí chun ath-lánpháirtiú san oideachas nó san oiliúint agus le hoideachas an dara deis, go háirithe i gcomhthéacs cur chun feidhme scéimeanna faoin Ráthaíocht don Aos Óg. Agus na gníomhaíochtaí spriocdhírithe agus na hathchóirithe struchtúracha dá dtagraítear sa mhír seo á gcur chun feidhme acu, tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do dhaoine óga atá neamhghníomhach agus dífhostaithe go fadtéarmach agus cuirfidh siad bearta for-rochtana spriocdhírithe ar bun.

5. Leithdháilfidh na Ballstáit 5 % ar a laghad dá n-acmhainní ó CSE chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, lena n-áirítear trí chúnamh bia agus cúnamh ábhartha bunúsach. Is é 90 % a bheidh sa ráta cómhaoinithe don díriú téamach sin.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2c
	Modhanna cur chun feidhme
	1. Cuirfear CSE chun feidhme mar a leanas:
	(a) faoi bhainistíocht chomhroinnte, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], i gcás na coda sin den chúnamh a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo; agus
	(b) faoi bhainistíocht dhíreach, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a), den Rialachán Airgeadais, i gcás na coda sin den chúnamh a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán seo.
	2. Beidh feidhm ag Airteagal 17(1), pointe (3), de [an Rialachán maidir le Pleananna CNR] i gcás réamh-mhaoiniú na dtionscadal.

	[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Féadfar gníomhaíochtaí nuálacha a chlársceidealú faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (h).

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit agus na réigiúin, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach ***i gcaibidil thiomnaithe amháin nó níos mó den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí*** chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascróidh as an aistriú déimeagrafach.	Déanfaidh na Ballstáit agus na réigiúin, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascróidh as an aistriú déimeagrafach***, amhail i margaí an tsaothair agus i dtaca le pinsin***.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5a
	Tacaíocht do mholtaí tírshonracha ábhartha
	Na gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha agus sa Seimeastar Eorpach, clársceidealófar iad faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4 chun tacú

le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcás inar féidir na moltaí sonracha a nascadh le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5b
	Prionsabail chothrománacha
	1. Dearfaidh na Ballstáit na bearta sa chlár a cheapadh ar bhealach a n-áiritheoidh go n-urramófar an méid seo a leanas:
	(a) prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];
	(b) na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
	2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go ndéanfar comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus comhtháthú ghné na hinscne a chur i gcuntas agus a chur chun cinn le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht CSE. Beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún rannpháirtíocht na mban san fhostaíocht chomh maith le comhréiteach idir an saol oibre agus an saol pearsanta a mhéadú, baineannú na bochtaineachta agus an idirdhealaithe ar bhonn inscne i margadh an tsaothair, san oideachas agus san oiliúint a chomhrac.
	3. Déanfaidh an Coimisiún agus na

Ballstáit bearta iomchuí chun idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh cinioch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chosc le linn oibríochtaí CSE a ullmhú, a chur chun feidhme, a fhaire, a thuairisciú agus a mheas.

4. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún urraim do chearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú i gcur chun feidhme CSE.

5. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagail 8 agus 9 de [an Rialachán maidir le pleananna CNR] maidir le cur chun feidhme CSE.

[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5c
	An Creat Airgeadais
	Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagail 13, 14, 15, 16 de [an Rialachán maidir le pleananna CNR] maidir leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5d
	Incháilitheacht
	1. Ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe do thacaíocht ghinearálta ó shnáithe CSE atá faoi bainistíocht chomhroinnte:
	(a) ceannach talún agus réadmhaoine, chomh maith le bonneagar; agus
	(b) ceannach troscáin, trealaimh agus feithiclí, ach amháin i gcás inar gá an ceannach sin chun cuspóir na hoibríochta a bhaint amach, nó má dhéantar na hearraí sin a dhímheas go hiomlán le linn na hoibríochta nó más é ceannach na n-earraí sin an réiteach is eacnamaíche.
	2. Ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm liúntas nó tuarastal arna n-íoc amach ag tríú páirtí chun leasa rannpháirtithe in oibríocht, féadfaidh siad a bheith incháilithe do ranníocaíocht ó thacaíocht ghinearálta ó shnáithe CSE atá faoi bhainistíocht chomhroinnte ar choinníoll gur i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, lena n-áirítear rialacha cuntasaíochta, a thabhaítear na ranníocaíochtaí comhchineáil agus nach mó iad ná an costas a bhí ar an tríú páirtí.
	3. An leithdháileadh breise sonrach a fhaigheann na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann leis an ngníomh a bhaineann le coinníollacha aontachais Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a

	bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, úsáidfear é chun tacú le gnóthú na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán seo.
	4. Beidh costais foirne dhíreacha incháilithe do ranníocaíocht ó thacaíocht ghinearálta ó shnáithe CSE atá faoi bhainistíocht chomhroinnte má tá siad i gcomhréir le gnáthchleachtais luacha saothair an tairbhí don chatagóir feidhme lena mbaineann nó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, le comhaontuithe comhchoiteanna nó le staidreamh oifigiúil.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun críocha an Airteagail sin, ciallaíonn 'na daoine is díothaí' daoine nádúrtha, bídís daoine aonair, teaghlaigh, líonta tí nó grúpaí daoine, lena n-áirítear leanaí i gcásanna leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla náisiúnta síos i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, agus ar critéir iad a bhféadfaidh gnéithe a bheith iontu lena gceadófar díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith.	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le tacaíocht a sholáthar ***le haghaidh beartais*** fostaíochta ***ardcháilíochta***, oideachais agus scileanna agus cuimsithe shóisialta ***i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán XX [Pleananna CNR]***.	***1. Déanfaidh gach Ballstát comhpháirtíocht chuimsitheach a eagrú agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena chreat institiúideach*** agus ***dlíthiúil chun go n-áiritheofar rannpháirtíocht fhóinteach*** maidir le tacaíocht a sholáthar ***do bheartais*** fostaíochta, oideachais agus scileanna agus cuimsithe shóisialta ***ar ardchaighdeán***.
	Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áireofar sna comhpháirtíochtaí cuimsitheacha dá dtagraítear i mír 1 na comhpháirtithe seo a leanas ar a laghad:
	(a) údaráis réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údaráis phoiblí eile;
	(b) comhpháirtithe sóisialta;
	(c) comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn;
	(d) eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí.
	Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na comhpháirtíochtaí cuimsitheacha dá dtagraítear i mír 1 an tAirteagal seo ag gach céim, lena n-áirítear ullmhú, cur chun feidhme agus meastóireacht Phleananna Chiste Sóisialta na hEorpa.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó CS ar fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear i bhfoirm oiliúna, bearta líonrúcháin, neartú an idirphlé shóisialta agus ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh go comhpháirteach ag na comhpháirtithe sóisialta. Déanfaidh Ballstát méid iomchuí de 0.25 % ar a laghad dá acmhainní CSE a leithdháileadh chun na críche sin.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tabharfaidh an Coiste a ***bhunófar*** faoi Airteagal 163 CFAE (‘Coiste CSE’) cúnamh don Choimisiún maidir ***leis an tacaíocht a sholáthraítear don chuspóir ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c) [cuspóir sonrach – fostaíocht] de Rialachán XX [Pleananna CNR]***.	(1) Tabharfaidh an Coiste a ***chuirtear ar bun*** faoi Airteagal 163 CFAE (‘Coiste CSE’) cúnamh don Choimisiún maidir ***le cuspóirí an Rialacháin seo***.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8a
	Clár CSE a ullmhú agus a thíolacadh
	1. Déanfaidh gach Ballstát Clár CSE a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leagfar amach socruithe maidir leis an gClár a úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Déanfaidh an Ballstát Clár an Phlean arna chur faoi bhráid an Choimisiúin a chur ar fáil don phobal.
	2. Leagfar amach i ngach clár CSE clár oibre an Bhallstáit ábhartha maidir le hathchóirithe, bearta, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile.
	3. Déanfaidh gach Ballstát a Chlár CSE a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht i gcomhréir le hAirteagal 12, lena n-áirítear rannpháirtíocht na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, agus i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais.
	4. Ní bheidh ach bearta a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme ón 1 Eanáir

2028 ar aghaidh incháilithe do mhaoiniú ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais ábhartha.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8b
	Inneachar Chlár CSE
	Beidh na heilimintí seo a leanas i ngach Clár CSE:
	(a) achoimre ar na roghanna beartais agus na príomhthorthaí a bhfuil súil leo maidir leis an CSE;
	(b) na comhlántachtaí atá idir CSE agus ionstraimí eile de chuid an Aontais;
	(c) réamh-leithdháileadh airgeadais CSE de réir an chuspóra beartais ar an leibhéal náisiúnta, lena n-urramaítear na rialacha CSE-shonracha maidir le díriú téamach;
	(d) liosta na gclár atá pleanáilte faoi CSE maille leis na réamh-leithdháiltí airgeadais a bhaineann leo agus an ranníocaíocht náisiúnta chomhfhreagrach de réir catagóir réigiún;
	(e) achoimre ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann chun a chumas riaracháin a threisiú maidir le cur chun feidhme CSE.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8c
	Formheas Chláir CSE
	1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach Clár CSE agus áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh sé an Rialachán seo agus rialacha eile is infheidhme. Ina mheasúnú, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, na moltaí tír-shonracha ábhartha a chur i gcuntas.
	2. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de 3 mhí ón dáta a chuirfidh an Ballstát Clár CSE faoina bhráid.
	3. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar Chlár CSE, agus aon bharúlacha a tháinig ón gCoimisiún á gcur i gcuntas aige.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8d
	Coiste faireacháin
	1. Déanfaidh gach Ballstát coiste a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir ('coiste faireacháin'), i gcomhréir le hAirteagal 55 de [an Rialachán maidir le pleananna CNR].
	2. Déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a fhormheas:

(a) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athrú orthu; arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfar an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athruithe orthu, a chur faoi bhráid an Choimisiúin 15 lá oibre ar a laghad sula gcuirfear faoi bhráid an choiste faireacháin iad;

(b) an plean meastóireachta agus aon leasú air;

(c) aon togra ón údarás bainistíochta maidir le clár a leasú.

3. Féadfaidh an coiste faireacháin moltaí a chur faoi bhráid an údaráis bainistíochta, lena n-áirítear moltaí maidir le bearta chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8e
	Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht
	Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do lucht spéise iomadúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) príomhuirlis an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, lena rannchuidítear le hEoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí a bheith ann. Is ciste é a d'oibrigh chun an aidhm sin a bhaint amach ó bunaíodh é i gConradh na Róimhe 1958. Fónann sé mar an uirlis is tábhachtaí chun cuspóirí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Dá réir sin, ba cheart go leanfadh sé de ról lárnach a bheith aige sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ann amach anseo mar chiste neamhspleách ar leithligh. I gcás inarb infheidhme, sainítear sa Rialachán maidir leis an bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (an Rialachán maidir le pleananna CNR) feidhmiú agus prionsabail chothrománacha CSE.

Tráth géarchéime, tá an baol ann go bhfágfaí saoránaigh leochaileacha ar lár ina bhagairt díobhála níos fadtéarmaí dár ngeilleagair agus ina bhuille d'iomaíochas na hEorpa ar an leibhéal domhanda. Tá na Rapóirtéirí ar aon intinn leis an gCoimisiún go dtagraíonn CSE do 'riachtanas eacnamaíoch'[1] atá ann chun rochtain ar an margadh saothair a fheabhsú, bearnaí scileanna agus ganntanais saothair a laghdú, agus aghaidh a thabhairt ar rátaí leanúnacha na bochtaineachta, lena ndéantar infheistíocht, dá bhrí sin, sa tsócmhainn is fearr atá ag an Eoraip, is é sin a caipiteal daonna.

Ba cheart do CSE athnuaite a bheith in ann freagairt do dhúshláin shóisialta phráinneacha agus is cuid de CAI níos solúbtha é a fheabhsaíonn nósanna imeachta d'iarratasóirí agus do thairbhithe, lena n-áirítear tairbhithe beaga ag a bhfuil níos lú acmhainní agus a laghdaíonn ualaí riaracháin ar thairbhithe, fad is nach mbeidh laghdú ar a gcearta mar thoradh air sin.

Tá sé mar thosaíocht ag an bParlaimint Ciste Sóisialta na hEorpa a bheith ina hionstraim a bhfuil ar a cumas 'tacú leis na Ballstáit, na réigiúin, na pobail áitiúla agus na daoine chun gné shóisialta an Aontais a neartú agus chun forbairt shocheacnamaíoch a shaothrú nach bhfágann aon duine ar lár'[2]. Is éard atá i gceist le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine rochtain ar an margadh saothair a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna, soghluaisteacht, cuimsiú sóisialta agus soghluaisteacht, atá fite fuaite leis an mbochtaineacht a chomhrac, lena ndéantar, dá bhrí sin, lucht saothair na hEorpa níos athléimní.

Is infheistíocht i dtodhchaí na hEorpa é deireadh a chur le bochtaineacht leanaí freisin. In 2024, bhí leanbh amháin as gach ceathrar san Aontas Eorpach i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, beagán níos airde ná na rátaí IBBES ar fud an phobail i gcoitinne. Tá leanaí atá thíos leis an mbochtaineacht i mbaol go n-imreofar drochthionchar ar a bhforbairt, ar a sláinte agus ar a n-ionchais saoil, as a leanann iarmhairtí ollmhóra dá saol agus don tsochaí ina hiomláine. Measann na Rapóirtéirí go n-éilíonn CSE imchlúdach airgeadais tiomnaithe chun infheistíochtaí spriocdhírithe a sholáthar go héifeachtach agus go hintuartha sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo, go háirithe trí thacaíocht don Ráthaíocht do Leanaí a neartú, chun rannchuidiú le timthriallta na bochtaineachta a bhriseadh.

Creideann na Rapóirtéirí gur cheart bearta CSE a cheapadh i gcomhréir le cuspóirí ginearálta

[1]An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034, COM(2025) 558, 16.7.2025., Ráiteas Míniúcháin

[2] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2025 ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 (2024/2077(INI)), IO C/2025/3146, 20.6.2025, mír 1

agus sonracha chun infheistíochtaí a dhíriú ar an mbealach is fearr ar réimsí tosaíochta, agus gurb é Rialachán CSE is fearr atá in ann iad a shainaithint. Coinnítear cuspóirí reatha CSE+, chun leanúnachas agus intuarthacht a áirithiú, ach béim nua á leagan ar athsciliú agus ar chruthú post, ar fhostaíocht na mban, ar easpa dídine, agus ar chuimsiú na ndaoine sin atá faoi mhíchumas agus a bhfuil galar ainsealach orthu.

Ina theannta sin, tá imfhálú treisithe tugtha isteach arís ag na Rapóirtéirí do réimsí tosaíochta amhail an Ráthaíocht do Leanaí, an Ráthaíocht don Aos Óg, an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, agus deireadh a chur leis an easpa dídine.

I gcás na Ráthaíochta do Leanaí, ba cheart do na Ballstáit 5 % ar a laghad dá leithdháileadh CSE a chaitheamh ar bhochtaineacht leanaí a chomhrac. I gcás na mBallstát sin ina bhfuil an ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta os cionn mheán an Aontais, ba cheart an céatadán sin a bheith níos airde.

I gcás na Ráthaíochta don Aos Óg, ba cheart do na Ballstáit 15 % ar a laghad dá leithdháileadh CSE a chaitheamh. Trí bhéim a choinneáil ar sciliú agus ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga tríd an Ráthaíocht don Aos Óg, tabharfar aghaidh ar fhadhb na dífhostaíochta i measc na hóige. I mí Feabhra 2026, ba é 15.3 % an dífhostaíocht i measc na hóige san Aontas Eorpach, i gcomparáid leis an ráta dífhostaíochta ginearálta 6.2 %. Idir an dá linn, ba é 9.0 % ráta na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET), cé go bhfuil laghdú ag teacht air de réir a chéile, in 2025, rud a léiríonn go bhfuil sé fós ina thosaíocht dul i dteagmháil le daoine óga neamhghníomhacha.

I gcomhréir leis an iarraidh ón bParlaimint ina tuarascáil 2024/2077(INI), molann na Rapóirtéirí 30 % d'acmhainní a chur i leataobh chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, 5 % chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, lena n-áirítear trí chúnamh bia agus cúnamh ábhartha bunúsach, agus 5 % chun dul i ngleic leis an easpa dídine. Ba cheart do CSE leanúint de bheith ag feidhmiú faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Dar leis na Rapóirtéirí, is croíphrionsabal é an chaoi a ndéantar bearta CSE a cheapadh chun a soláthar agus a n-éifeachtacht a áirithiú. Sin é an fáth a gcoinnítear prionsabal na comhpháirtíochta ón gclár CSE+ atá ann faoi láthair, chun rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí a áirithiú chun cabhrú leis na Ballstáit tairbhithe a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo, go háirithe iad siúd atá imeallaithe. Chun cuidiú leis sin a bhaint amach, ba cheart do CSE leanúint de thacaíocht a chistiú chun freastal ar na daoine is díothaí go hábhartha, agus béim á leagan ar leanaí. Éilíonn an tacaíocht sin ráta ard cómhaoinithe 90 % chun glacadh agus seachadadh iontaofa a áirithiú.

Creideann na Rapóirtéirí go láidir gur cheart cistiú a bheith coinníollach ar chloí leis an smacht reachta, agus gur cheart do CSE sásra an smachta reachta de Rialachán NRPP a chomhlíonadh. Ba cheart urramú iomlán chearta na n-oibrithe a bheith ina cheanglas chun cistiú poiblí a fháil, lena n-áirítear CSE. Ba cheart do bhearta CSE seasamh freisin le prionsabail an chomhionannais deiseanna agus an neamh-idirdhealaithe ar fhorais inscne, tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta, agus rochtain ar fhostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil galair ainsealacha orthu á cur chun cinn ag an am céanna.

IARSCRÍBHINN: DEARBHUITHE IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn na rapóirtéirí go bhfuil ionchur curtha san áireamh acu ina dtuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair siad, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Red Cross EU
European Association of Service providers for Persons with Disabilities (EASPD)
ETUC
Caritas Europa
Deutscher Caritasverband e. V.
Inclusion Europe
COFACE Families Europe
Eurochild
European Youth Forum
Special Olympics Europe Eurasia
European Anti-Poverty Network
European Disability Forum
Save the Children
PICUM
Eurocarers
European Association for the Education of Adults (EAEA)
Eurocities
European Food Banks Federation
CNV
DGB
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach na rapóirtéirí a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn na rapóirtéirí go ndearna siad Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).